AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.12.2024
COM(2024) 575 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le héifeachtacht chur chun feidhme na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí ‘112’

1. RÉAMHRÁ

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar éifeachtacht chur chun feidhme na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí '112' i gcomhréir le hAirteagal 109(4) den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach[1]. Tá an tuarascáil bunaithe ar fhreagraí na mBallstát agus na hIorua ar an gceistneoir[2] a cuireadh faoi bhráid an Choiste Cumarsáide (COCOM)[3] maidir le cur chun feidhme na cumarsáide éigeandála agus na huimhreach éigeandála Eorpaí '112' agus maidir leis na tuarascálacha a chuir na Ballstáit isteach faoi Airteagail 7(1) agus 8 de Rialachán Tarmligthe 2023/444. Ba é an bailiú sonraí sin an 16ú cleachtadh dá leithéid a rinne seirbhísí an Choimisiúin ó bhí 2007 ann.

Faoi Airteagal 109(4) den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 21 Nollaig 2020, agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, maidir lena éifeachtaí atá cur chun feidhme na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí '112'. Foilsíodh an dara tuarascáil den sórt sin an 16 Nollaig 2022[4].


Bhrath an bailiú sonraí le haghaidh na tuarascála reatha ar cheisteanna sonracha chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal chur chun feidhme cheanglais dhlí an Aontais agus ar fheabhsú chórais náisiúnta an Phointe Freagartha Glaonna Éigeandála (PFGE). Is é an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 an tréimhse tuairiscithe le haghaidh na sonraí cainníochtúla[5] (e.g. an líon glaonna éigeandála ar '112'). Agus measúnú á dhéanamh ar infhaighteacht córais (e.g. réiteach nó feidhmchlár shuíomh an ghlaoiteora a úsáid, etc.), léirítear an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil sa tuarascáil seo. An 4 Aibreán 2024, iarradh ar na Ballstáit agus ar bhreathnóirí COCOM ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha LEE a gcuid freagraí a chur isteach faoin 7 Meitheamh 2024.

Iarradh ar na Ballstáit a n-uirlisí tomhais a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar roinnt táscairí chun sonraí cruinne a sholáthar maidir le feidhmiú a gcóras cumarsáide éigeandála. Ar fud na tuarascála, i gcás nach bhfuil na Ballstáit luaite maidir le measúnú cáilíochtúil nó cainníochtúil, ciallaíonn sé nár soláthraíodh na sonraí ábhartha do sheirbhísí an Choimisiúin.

2. GLAONNA AR '112'


In 2023, tháinig méadú 15 % go 176 mhilliún ar ghlaonna ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' i gcomparáid le 2021. Idir an dá linn, tháinig méadú 6 % go 285 mhilliún ar an líon iomlán glaonna éigeandála, lena n-áirítear glaonna ar na huimhreacha éigeandála náisiúnta, i gcás ina bhfuil síos fós in úsáid. Bhain 62 % de na glaonna éigeandála uile in 2023 le glaonna ar '112'.

[1] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).
[2] COCOM24-01
[3] An Coiste Cumarsáide arna bhunú ar bhonn Airteagal 118 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach.
[4] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/2022-report-implementation-112-eu-emergency-number
[5] Bailítear na sonraí cainníochtúla gach dara bliain, agus ní bhaineann siad ach leis an mbliain díreach roimh an tuarascáil, chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis tuairiscithe a mhaolú.



Fíor 1. An líon glaonna ar '112'

Is é '112' an uimhir aonair éigeandála sa Danmhairg, san Eastóin, san Fhionlainn, i Málta, san Ísiltír, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSualainn. Mar sin féin, ní dhéantar ach 19 % de na glaonna ar '112' san Aontas sna tíortha sin. Déantar tromlach na nglaonna ar '112' sna Ballstáit ina bhfuil uimhreacha náisiúnta fós in úsáid. Sna Ballstáit sin, bíonn úsáid na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí éagsúil den chuid is mó, ó 5 % in Éirinn go 97 % sa Bhulgáir.



Fíor 2. Céatadán na nglaonna ar '112'


Ba mhó i bhfad an líon glaonna ar '112' ó fhóin phóca ná an líon glaonna ó fhóin sheasta. Ar an meán, rinneadh 82 % de na glaonna in 2023 ó fhóin phóca. Mar sin féin, tá difríocht idir úsáid fón póca chun críoch cumarsáide éigeandála ar fud na mBallstát, ó 65 % sa Ghearmáin agus 77 % san Iodáil go 98 % i bPoblacht na Seice agus 99 % sa Laitvia.

Tá an cóimheas idir glaonna bréagacha[6] agus an líon iomlán glaonna éigeandála fós an-éagsúil i measc na mBallstát[7]; agus chomh hard le 72 % sa Phortaingéil. Ní cheadaíonn roinnt Ballstát glaonna ó fhóin gan SIM d'fhonn an riosca a bhaineann le glaonna bréagacha lena bhféadfaí ualach a chur ar an gcóras PFGE a laghdú. Mar sin féin, tá rochtain ar sheirbhísí éigeandála ó fhóin gan SIM sainorduithe i bhformhór na mBallstát (19)[8].

[6] Is éard is glaonna bréagacha ann glaonna nach bhfiosraítear le hidirghabháil nó cúnamh ón PFGE nó ó na seirbhísí éigeandála. Ní mheasfar gur glaonna bréagacha iad glaonna trína dtuairiscítear teagmhas éigeandála a spreag idirghabháil nó cúnamh ó thaobh an PFGE cheana féin, agus dá bhrí sin nach spreagtar idirghabháil nó cúnamh ar leithligh.

[7] Thug 20 Ballstát faisnéis faoi ghlaonna bréagacha.

[8] AT, CY, CZ, DK, EE, EL, ES, FI, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SE.




Fíor 3. Glaonna bréagacha ar uimhreacha éigeandála (%)

Shainordaigh 17 mBallstát cumarsáid éigeandála SMS-bhunaithe le haghaidh gach úsáideora deiridh[9]. I 13 Bhallstát[10] seoltar an SMS éigeandála chuig '112'. Athraíonn an líon cumarsáide éigeandála trí SMS go mór ag brath ar leibhéal chur chun cinn an chineáil sin cumarsáide éigeandála, idir cúpla ceann agus na mílte ceann. Deimhníonn 14 Bhallstát[11] go n-áirithítear soláthar SMS éigeandála saor in aisce.

Chomh maith leis an bhféidearthacht rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála trí ghlao a chur ar '112', chuir 19 mBallstát[12] feidhmchláir náisiúnta nó réigiúnacha ar fáil do gach úsáideoir deiridh[13], lenar féidir cumarsáid éigeandála a dhéanamh. Leis an modh rochtana sin, ag brath ar a ndearadh, féadfaidh úsáideoirí deiridh faisnéis bhreise a roinnt leis an PFGE, faisnéis faoi shuíomh an ghlaoiteora a fhaightear ón sás láimhe a sholáthar nó cumarsáid téacsbhunaithe leis an PFGE a áirithiú. Dheimhnigh an Bheilg, an Chipir, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Pholainn agus an tSualainn go soláthraítear an trácht sonraí a ghintear leis an bhfeidhmchlár éigeandála gan taraifí.

Déantar glaonna eCall a ródú chuig PFGE eCall i gcás timpiste. Thuairiscigh 27 mBallstát 658 392 glao eCall san iomlán in 2023, 56 % níos mó ná in 2021, nuair a tuairiscíodh 421 000 glao eCall.


[9] Úsáidtear cumarsáid SMS i roinnt Ballstát go heisiach d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, mar a léirítear i roinn 8.
[10] CY, EE, EL, FI, HR, HU, IE, LT, LU, LV, NL, SI, SK.
[11] AT, BE, CY, EE, EL, HR, HU, IE, LT, LU, LV, NL, SI, SK.
[12] AT (réigiúnach), BE, CY, CZ, DE, DK, ES, FI, HU, IT, LT, LU, LV, NL, MT, PL, RO, SE, SK.
[13] Úsáidtear cumarsáid feidhmchlár-bhunaithe i roinnt Ballstát go heisiach d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, mar a léirítear i roinn 8.



Fíor 4. An líon glaonna eCall a rinneadh san Aontas Eorpach

3. AGA FREAGARTHA[14]

Thuairiscigh 22 Bhallstát 10 soicind nó níos lú don mheán-aga freagartha is gá chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála.




Fíor 5. Meán-agaí freagartha ar ghlaonna éigeandála (soicindí)

4. RÁTA UM THRÉIGEAN GLAONNA

Thuairiscigh 27 bhfreagróir[15] maidir leis na glaonna a chuirtear i láthair na lasc PFGE ach a chríochnaítear sula dtugann oibreoir daonna freagra orthu. D'fhéadfadh fadhbanna líonra, plódú glaonna, lochtanna teicniúla, cumas láimhseála, dícheangal glaoiteoir (b'fhéidir diailiú trí dhearmad), etc a bheith ina gcúis le glaonna tréigthe. Cé nach bhfuil glaonna ainneonacha agus dícheangal glaoiteoirí faoi rialú oibreoirí an chórais PFGE, léirítear gurb é an mhainneachtain glaonna ar '112' a fhreagairt agus a láimhseáil go sásúil sa chóras náisiúnta PFGE is cúis leis an easpa cumas láimhseála.

[14]An t-am idir an nóiméad a chuirtear an glao éigeandála i láthair na laisce PFGE 1ú leibhéal agus an nóiméad a thugann oibreoir daonna PFGE freagra ar an nglao.
[15]Níor thuairiscigh an Ostair na sonraí sin



Fíor 6. Céatadán na nglaonna tréigthe ar uimhreacha éigeandála

5. INFHAIGHTEACHT SHUÍOMH AN GHLAOITEORA

Le hAirteagal 109 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, tá sé sainordaitheach go mbeidh an fhaisnéis líonrabhunaithe faoi shuíomh an ghlaoiteora agus an fhaisnéis is cruinne faoi shuíomh an ghlaoiteora a fhaightear ón sás láimhe[16] ar fáil don PFGE is iomchuí.

I bhformhór na mBallstát tuairiscithe[17], bíonn easpa infhaighteacht na faisnéise líonrabhunaithe faoi shuíomh an ghlaoiteora i níos lú ná 3 % de na glaonna. Tuairiscíodh rátaí mainneachtana níos airde maidir le suíomh an ghlaoiteora a sholáthar san Ungáir (4 %), in Éirinn (5 %), san Eastóin (6 %), sa Fhrainc (7 %), sa Spáinn (11 %), sa Danmhairg (15 %), sa Laitvia (21 %).

Thuairiscigh 15 Bhallstát, go háirithe i gcás ina n-úsáidtear an réiteach um Ardchóras Móibíleach Aimsiúcháin[18] (AML), maidir le ráta infhaighteachta shuíomh an ghlaoiteora a fhaightear ón sás láimhe. Fiú nuair a dhéantar an córas náisiúnta PFGE a uasghrádú chun AML a fháil, ní bhaineann líon suntasach glaonna tairbhe as an suíomh an-chruinn sin (suas le 60 % de na glaonna). Chomh maith leis an úsáideoir deiridh a chuireann glao ar '112' a aimsiú, d'fhéadfadh na Ballstáit AML a chumasú do chineál SMS na cumarsáide éigeandála freisin.

D'fhéadfadh úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta, agus cuairt á tabhairt acu ar Bhallstáit eile, a bheith i gcás níos leochailí i gcás éigeandála toisc go bhféadfadh sé nach mbeidís ábalta tuairisc bheacht a thabhairt ar a suíomh. Cé go n-úsáidtear AML i 25 Bhallstát, san Íoslainn agus san Iorua, níor dhearbhaigh ach 8 Bhallstát go bhfuil suíomh a fhaightear ón sás láimhe ar fáil d'úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta[19].

6. CRUINNEAS AGUS IONTAOFACHT SHUÍOMH AN GHLAOITEORA

Le hAirteagal 109(6) den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, ceanglaítear ar na Ballstáit critéir chruinnis agus iontaofachta a leagan síos maidir leis an bhfaisnéis faoi

[16]Cé go bhféadfadh difear idir 50 m go 40 000 m a bheith i gcruinneas an tsuímh líonrabhunaithe, soláthraíonn suíomh a fhaightear ón sás láimhe suíomh i bhfad níos cruinne suas le 5 m.

[17]Sholáthar 15 Bhallstát sonraí ábhartha: BG, CY, CZ, DK, EE, ES, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LV, MT, NL, PT, RO agus SE.

[18]https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/112-112-day-locating-emergency-calls-aml-technology-rise

[19] BE, DK, EE, EL, FI, PT, RO, SE

shuíomh an ghlaoiteora. Le Rialachán Tarmligthe 2023/444[20], leagtar amach na paraiméadair nach mór do na húdaráis inniúla a chur san áireamh agus na critéir maidir le cruinneas agus iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaoiteora á leagan síos acu. Leis na critéir sin, laistigh de theorainneacha na hindéantachta teicniúla, ba cheart a áirithiú go n-aimseofar suíomh an úsáideora deiridh ar an mbealach is iontaofa agus is cruinne is gá chun go mbeidh na seirbhísí éigeandála in ann cúnamh úsáideach a thabhairt don úsáideoir deiridh[21].

Le hAirteagal 8 den Rialachán Tarmligthe, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar ghlacadh na gcritéar agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar chuir siad na paraiméadair a bunaíodh sa Rialachán Tarmligthe san áireamh tráth nach déanaí ná an 5 Márta 2024.

Faoi Airteagal 8(1)(a) den Rialachán Tarmligthe, thuairiscigh 17 mBallstát[22] critéir maidir le cruinneas agus iontaofacht shuíomh an ghlaoiteora. As na Ballstáit sin, tuairiscíonn gach ceann acu go soláthraítear suíomh an ghlaoiteora le haghaidh líonraí seasta i dtéarmaí sheoladh fisiceach chríochphointe an líonra, a mbaineann iontaofacht idir 60-100 % leis. I gcás líonraí móibíleacha, tuairiscíonn 8 mBallstát[23] cruinneas 50 m le haghaidh 80 % den chumarsáid mhóibíleach. Tuairiscíonn Ballstáit eile critéir chruinnis suas le 100 m agus iontaofacht idir 55-80 %, ach amháin i gcás na hÍsiltíre, a thuairiscigh 5 000 m mar chritéar. Is féidir teacht ar fhorléargas in Iarscríbhinn I ar na critéir maidir le cruinneas agus iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaoiteora arna tuairisciú ag na Ballstáit.

An réiteach um Ardchóras Móibíleach Aimsiúcháin a fhaigheann réiteach shuíomh an ghlaoiteora ón sás láimhe, cuirtear chun feidhme é ar chríoch 25 Bhallstát[24] agus na hIorua.

7. AN MEÁN-AM A THEASTAÍONN ÓN OIBREOIR 112 CHUN SUÍOMH AN GHLAOITEORA A FHÁIL

Mar gheall ar chur chun feidhme an chórais 'brúigh' nó an chórais uathoibríoch 'tarraing', thuairiscigh na Ballstáit uile amanna beagnach láithreach (suas le 10 soicind) maidir le *suíomh líonrabhunaithe an ghlaoiteora* a sholáthar.

Mar gheall ar an ailtireacht bhunúsach, braitheann teicneolaíochtaí *suímh a fhaightear ón sás láimhe* ar luas na sásanna láimhe chun paraiméadair suímh ábhartha a fháil ó chomharthaí GNSS nó Wi-Fi. Ar bhonn na dtuarascálacha ó 22 Bhallstát, deimhníodh go bhféadfadh soláthar an tsuímh a fhaightear ón sás láimhe a bheith idir beagnach láithreach agus suas le 28 shoicind.

8. ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA AGUS FÁNAÍOCHT Á DÉANAMH SAN AONTAS

Thuairiscigh na Ballstáit uile agus an Iorua infhaighteacht na rochtana ar '112' agus ar fhaisnéis líonrabhunaithe faoi shuíomh an ghlaoiteora i gcás glaonna fánaíochta.

[20]Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/444 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le bearta chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112'

[21] Cás C 417/18; Breithiúnas na Cúirte (An Ceathrú Dlísheomra) an 5 Meán Fómhair 2019, AW agus Daoine eile v Lietuvos valstybė.

[22] BE, BG, CZ, DE, DK, EE, FI, HR, IE, IT, LT, LV, NL, PL, PT, RO, SE

[23] BG, DK, FI, HR, IE, IT, LT, SE

[24]AT, BE, BG, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PT, RO, SE, SI, SK

Sholáthair 16 Bhallstát[25] faisnéis faoin líon glaonna a chuir úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta ar '112'. Is iad na Ballstáit sin a chuireann níos mó ná leath de na glaonna éigeandála ar '112'. Ar bhonn sonraí den sórt sin, d'fhéadfaí a eachtarshuí gur chuir úsáideoirí seirbhísí fánaíochta 2,7 milliún glao éigeandála ar '112' san Aontas, arb é atá san fhigiúr sin 1,56 % de na glaonna uile ar '112'.

9. ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA D'ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH FAOI MHÍCHUMAS

De bhun Airteagal 109(5) den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go mbainfidh úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas tairbhe as rochtain ar sheirbhísí éigeandála atá coibhéiseach leis an rochtain a thugtar d'úsáideoirí deiridh eile. Le hAirteagal 4 den Rialachán Tarmligthe, leagtar amach na ceanglais maidir le coibhéis fheidhmiúil. Leis na réitigh inrochtaineachta arna gcur chun feidhme, ba cheart cumarsáid ghutha dhá threo a athchruthú (ba cheart iad a bheith coibhéiseach léi), ar cumarsáid í sin a áirithítear i gcás glao ar '112', lena n-áirítear i gcás fánaíochta. De bhua coibhéise, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh suíomh an ghlaoiteora ar fáil don PFGE is iomchuí ionas go mbeidh na seirbhísí éigeandála ábalta idirghabháil a dhéanamh go héifeachtach.

Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, tá úsáid á baint ag na Ballstáit as réimse leathan réiteach inrochtaineachta atá tiomnaithe d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, lena n-áirítear téacs fíor-ama, comhrá iomlán[26], SMS, feidhmchláir éigeandála, seirbhísí gréasáin, seirbhísí athsheachadta, agus rochtain ó ghléasanna speisialta.

Is é SMS an teicneolaíocht is mó a úsáidtear, rud a áirithíonn idirghníomhaíocht téacsbhunaithe dhá bhealach idir an duine a thugann foláireamh do na seirbhísí éigeandála agus an PFGE. Tá SMS ar fáil d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas i 23 Bhallstát[27] agus san Iorua.

Úsáidtear feidhmchláir éigeandála in 17 mBallstát[28] agus san Iorua. Ag brath ar an dearadh, d'fhéadfaidís brath ar ghlaonna éigeandála nó cumarsáid SMS a thionscnamh, ach d'fhéadfaidís a bheith ina n-ardán freisin chun téacs fíor-ama agus cumarsáid comhrá iomláin a sholáthar. Ina theannta sin, d'fhéadfadh feidhmchláir suíomh cruinn a fhaightear ón sás láimhe a sholáthar bunaithe ar shonraí suite GNSS/Wi-Fi (5-100 m).

D'fhéadfadh seirbhísí athsheachadta d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas cumarsáid a athsheachadadh freisin chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála. Mar sin féin, ní bhíonn suíomh an úsáideora ar fáil i gcónaí maidir leis an modh rochtana sin sna Ballstáit.

Ceanglaítear leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta[29] go mbeidh cumarsáid éigeandála, sa bhreis ar ghuth, ar fáil trí théacs fíor-ama nó, sa chás go bhfuil físeán ar fáil, go ndéanfar í

[25]BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, HR, HU, IE, IT MT, PT, RO, SE, SI.

[26]Mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach: (35) ciallaíonn 'seirbhís comhrá iomláin' seirbhís ilmheán le haghaidh comhrá fíor-ama lena n-aistrítear físeán, téacs fíor-ama agus guth fíor-ama go siméadrach déthreoch idir úsáideoirí in dhá shuíomh nó níos mó i bhfíor-am.

[27]AT, BE, CY, CZ, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, LT, LU, LV, MT, NL, PT, RO, SE, SI, SK.

[28]AT, BE, BG, CY, CZ, DE, ES, FR, HU, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT.

[29] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí

a shioncrónú mar chomhrá iomlán[30]. Thuairiscigh na Ballstáit faoi Airteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe 2023/444 an úsáid a mheastar a bhainfear as cumarsáid éigeandála téacs fíor-ama mar a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn III.

Na modhanna malartacha rochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas a úsáidtear san Aontas faoi láthair, tugtar forléargas orthu in Iarscríbhinn II.

10. UASGHRÁDUITHE PFGE SNA BALLSTÁIT

Aithnítear i Rialachán Tarmligthe 2023/444[31] go spreagfadh an t-ascnamh ó theicneolaíochtaí ciorcadlasctha go teicneolaíochtaí paicéadlasctha i líonraí cumarsáide leictreonaí úsáid modhanna nua cumarsáide éigeandála. Le teicneolaíochtaí paicéadlasctha, déantar foráil maidir le cumarsáid éigeandála ilghnéitheach lena n-oiriúnaítear do riachtanais úsáideoirí deiridh agus seirbhísí éigeandála araon. Rachaidh seirbhísí gutha trí theicneolaíochtaí VoIP seasta agus móibíleacha arna mbainistiú atá bunaithe ar an bhFochóras Ilmheán IP (IMS) amhail Éabhlóid Fhadtéarmach Ghuthaithe (VoLTE), Raidió Nua Guthaithe (VoNR in 5G) agus Wi-Fi Guthaithe (VoWiFi). Idir an dá linn, leis an ascnamh sin, chumasófaí seirbhísí téacs agus físeánbhunaithe amhail téacs fíor-ama agus comhrá iomlán, mar atá sainordaithe leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta. Príomhfhaisnéis chomhthéacsúil, amhail suíomh an ghlaoiteora nó an tacar íosta sonraí maidir le eCall, d'fhéadfaí í a chomhlánú faoin teicneolaíocht nua le faisnéis tarrthála eile atá ar fáil ar an ngaireas, trí bhraiteoirí éagsúla, nó sa líonra.

Ní fhéadfaí acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach go hiomlán ach amháin más féidir leis na seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus na córais náisiúnta PFGE na forbairtí teicneolaíochta a threisiú.

Le reachtaíocht an Aontais, tugtar sainordú cheana féin maidir le huasghrádú a dhéanamh ar na córais náisiúnta PFGE chun go mbeidh siad in ann cumarsáid éigeandála shonrach ar theicneolaíocht phaicéadlasctha a láimhseáil. Faoin Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta, beidh ar na córais náisiúnta PFGE tacú le téacs fíor-ama nó comhrá iomlán agus iad a láimhseáil faoin 28 Meitheamh 2025, nó de mhaolú air sin, faoin 28 Meitheamh 2027[32]. Ní fhéadfar na seirbhísí cumarsáide éigeandála sin a úsáid ach amháin ar theicneolaíocht phaicéadlasctha.

I Rialachán Tarmligthe 2024/1084 ón gCoimisiún[33], tugtar an sprioc-am dlíthiúil chun na córais náisiúnta PFGE a uasghrádú chun go mbeidh siad in ann eCall atá bunaithe ar IMS a láimhseáil. Dá réir sin, ní mór na bonneagair náisiúnta PFGE a uasghrádú faoin 1 Eanáir 2026.

Faoi Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe 2023/444, faoin 5 Samhain 2023, bhí ar na Ballstáit treochlár a thuairisciú don Choimisiún chun an córas náisiúnta PFGE a uasghrádú chun

[30] An Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta, Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I, Roinn IV, pointe (a)
[31] Aithris (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/444
[32] An Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta, Airteagal 4(8) agus Iarscríbhinn I, Roinn V

[33] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1084 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 305/2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an soláthar comhchuibhithe le haghaidh seirbhís glao éigeandála (eCall) idir-inoibritheach uile-Aontais

cumarsáid éigeandála a fháil, a fhreagairt agus a phróiseáil trí theicneolaíochtaí paicéadlasctha. Sholáthar 23 Bhallstát[34] agus an Iorua an fhaisnéis ábhartha. I mBallstáit áirithe, rinneadh an t-ascnamh chuig teicneolaíochtaí paicéadlasctha cheana féin. Ó na sonraí a tuairiscíodh, ba cheart cumarsáid éigeandála trí theicneolaíochtaí paicéadlasctha a chumasú ar fud na mBallstát faoi 2027 ar a dhéanaí. Thuairiscigh na Ballstáit freisin maidir le cathain a bheidh PFGEnna in ann téacs fíor-ama a láimhseáil. Cé go bhfuil an modh rochtana sin ar fáil cheana féin i mBallstáit áirithe, ba cheart gach PFGE san Aontas a bheith in ann téacs fíor-ama a láimhseáil faoi dheireadh 2027 ar a dhéanaí. Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí in Iarscríbhinn III maidir le treochláir na mBallstát chun na córais náisiúnta PFGE a uasghrádú.

11. CONCLÚIDÍ

Is iad seo a leanas príomhthorthaí na tuarascála seo:

- Tháinig méadú mór ar sciar na nglaonna éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach ‘112’ i gcomparáid le 2021, agus is éard a bhí sa sciar sin 62 % de na glaonna éigeandála uile: as 285 mhilliún glao éigeandála ar an iomlán a rinneadh san Aontas, glaonna ‘112’ a bhí i 176 mhilliún díobh. Meastar gur chuir úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta 2,7 milliún glao éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach 112, arb é atá san fhigiúr sin 1,56 % de na glaonna uile ar 112.

- Leanadh den fheabhas ar chur chun feidhme shuíomh an ghlaoiteora a fhaightear ón sás láimhe san Aontas Eorpach. Ó mhí Mheán Fómhair 2024, áirithíonn 25 Bhallstát, an Íoslainn agus an Iorua go bhfuil a gcóras PFGE AML-chumasaithe. Níor dhearbhaigh ach 8 mBallstát go bhfuil suíomh a fhaightear ón sás láimhe ar fáil d’úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta, áfach.

- Ní bhaineann úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas leas as an modh rochtana lánchoibhéise ar sheirbhísí éigeandála go fóill, go háirithe nuair a bhíonn siad ag fánaíocht. Nuair nach féidir leis na húsáideoirí deiridh sin glao a chur ar ‘112’, ní mór dóibh brath ar réitigh atá ilroinnte go náisiúnta. Meastar, áfach, go dtiocfaidh athrú ar an staid sin de réir mar a bheidh na Ballstáit ag ullmhú a gcóras PFGE chun téacs fíor-ama idir-inoibritheach a láimhseáil agus de réir mar a bheidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí ag ullmhú chun téacs fíor-ama idir-inoibritheach a chur in úsáid faoi mhí an Mheithimh 2025 i gcomhréir le ceanglais na hIonstraime Eorpaí Inrochtaineachta.

- Tá córais náisiúnta PFGE á n-uasghrádú go teicneolaíocht phaicéadlasctha. Sainordaítear é sin le reachtaíocht an Aontais maidir le cumarsáid téacs fíor-ama agus eCall, agus beidh spriocdhátaí cur chun feidhme ann in 2025, 2026 agus 2027. Meastar go bhfuil bonneagair PFGE ag éirí níos ilghnéithí agus níos iomarcaí, agus iad ag freastal ar chineálacha éagsúla cumarsáide éigeandála.

[34] AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, HR, IE, IT, LT, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK

IARSCRÍBHINN I – AIRTEAGAL 8(1)(A) CRITÉIR MAIDIR LE CRUINNEAS AGUS IONTAOFACHT NA FAISNÉISE FAOI SHUÍOMH AN GHLAOITEORA

	Líonra Móibíleach		Líonra Seasta	
	Critéar cruinnis (méadair)	Critéar iontaofachta (%)	Critéar cruinnis (faisnéis a bhaineann le seoladh fisiciúil chríochphointe an líonra)	Critéar iontaofachta (%)
AT	N/B	N/B	N/B	N/B
BE	N/B	N/B	Tá	94 %
BG	50 m	80 %	Tá	90 %
CY	N/B	N/B	N/B	N/B
CZ	100 m	55 %	Tá	100 %
DE	N/B	N/B	Tá	N/B
DK	50 m	80 %	Tá	N/B
EE	50 m	60 %	Tá	60 %
EL	N/B	N/B	N/B	N/B
ES	N/B	N/B	N/B	N/B
FI	50 m	80 %	Tá	100 %
FR	N/B	N/B	N/B	N/B
HR	50 m	80 %	Tá	N/B
HU	N/B	N/B	N/B	N/B
IE	50 m	80 %	Tá	99 %
IT	50 m	80 %	Tá	82 %
LT	GSM: 750 m UMTS: 550 m LTE: 350 m 5G SA: 150 m AML: 50 m	GSM, UMTS, LTE, 5G SA: 67 % AML: 80 %	Tá	95 %
LU	N/B	N/B	N/B	N/B
LV	N/B	N/B	Tá	100 %
MT	N/B	N/B	N/B	N/B
NO	N/B	N/B	N/B	N/B
NL	5 000 m	85 %	N/B	N/B
PL	N/B	N/B	Tá	100 %
PT	100 m	60 %	Tá	95 %
RO	N/B	N/B	Tá	95 %
SE	50 m	80 %	Tá	99 %
SI	N/B	N/B	N/B	N/B
SK	N/B	N/B	N/B	N/B

IARSCRÍBHINN II – BEALAÍ MALARTACHA ROCHTANA AR SHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA I mBALLSTÁIT AN AONTAIS AGUS I dTÍORTHA LEE

	Tá an ghné ar fáil
	Níl an ghné ar fáil

	Modh rochtana	Idirghníomhach	Suíomh an úsáideora	Gan chlárúchán	Saor in aisce	Rochtain fánaíochta	Fánaíocht saor in aisce	Uimhir na rochtana
AT	SMS chuig uimhir fhada							580
	Feidhmchlár							294
BE	SMS chuig uimhir ghairid							N/B
	Feidhmchlár (112.be)							N/B
BG	RTT (thar fheidhmchlár 112 na Bulgáire)							N/B
	Feidhmchlár (112 na Bulgáire)							4
	Seirbhís ghréasánbhunaithe							
CY	SMS chuig 112							N/B
	RTT (thar fheidhmchlár 112 na Cipire/IOS 11 na Cipire)							N/B
CZ	SMS chuig 112							739
	Feidhmchlár (zachranka)							N/B
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta inrochtaineachta							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							N/B
	Gléasanna speisialaithe ó shuíomhanna seasta							0
DE	Feidhmchlár							9 671*
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta							772
DK	SMS chuig uimhir fhada							95
EE	SMS chuig 112							838
EL	SMS chuig 112							1 478
ES	SMS réigiúnach chuig uimhreacha fada							338
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála (físghlao)							200
	Feidhmchlár							200
FI	SMS chuig 112							5 950
FR	SMS chuig 114							305 452
	Comhrá iomlán mar sheirbhís líonra							N/B
	Feidhmchlár							N/B
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B

	Modh rochtana	Idirghníomhach	Suíomh an úsáideora	Gan chlárúchán	Saor in aisce	Rochtain fánaíochta	Fánaíocht saor in aisce	Uimhir na rochtana
	RTT mar sheirbhís líonra (www.info.urgence114.fr)							N/B
	RTT mar sheirbhís feidhmchláir (www.info.urgence114.fr)							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							N/B
HR	SMS chuig 112							15
HU	SMS chuig 112							18 890
	Feidhmchlár (112-SOS)							
IE	SMS chuig 112							1 279
IT	Feidhmchlár (Flag Mii)							N/B
	Feidhmchlár (Where ARE U)							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							N/B
LT	SMS chuig 112							39 464
	Feidhmchlár (feidhmchlár 112)							186
LU	SMS chuig 112							N/B
	Feidhmchlár (GouvAlert, Echo 112)							N/B
LV	SMS chuig 112							N/B
	Feidhmchlár							N/B
MT	SMS chuig uimhir fhada							4
	Feidhmchlár 112.mt							228
	Seirbhís gréasáin 112.mt							
	RTT thar líonra (uimhir fhada)							
	RTT thar fheidhmchlár							
	Tuairiscigh trí 112.mt							
NL	RTT thar fheidhmchlár (112NL)							N/B
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B
	SMS chuig 112							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							N/B
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta inrochtaineachta							N/B
PL	Feidhmchlár (Alarm 112)							1 836
PT	SMS chuig uimhir fhada							N/B
	Feidhmchlár éigeandála							7
RO	SMS chuig 113							N/B
SE	SMS chuig 112							142
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta							1 083
SI	SMS chuig 112							N/B

	Modh rochtana	Idirghníomhach	Suíomh an úsáideora	Gan chlárúchán	Saor in aisce	Rochtain fánaíochta	Fánaíocht saor in aisce	Uimhir na rochtana
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B
SK	SMS chuig 112							N/B
NO	SMS 112							N/B
	Feidhmchlár, seirbhís gréasáin agus athsheachadadh (an suíomh céanna)							

*ó bhí an 28.9.2021 ann

IARSCRÍBHINN III – AIRTEAGAL 7(2) TREOCHLÁR CHUN NA CÓRAIS NÁISIÚNTA PFGE A UASGHRÁDÚ GO TEICNEOLAÍOCHT PHAICÉADLASCTHA

	Dáta ascnamh an chórais PFGE chuig cumarsáid éigeandála phaicéadlasctha	PFGE atá in ann téacs fíor-ama a láimhseáil
AT	R2 2025	R2 2025
BE	R1 2025	27 Meitheamh 2027
BG	30 Márta 2026	30 Márta 2026
CY	1 Eanáir 2026	N/B
CZ	1 Márta 2025	1 Deireadh Fómhair 2026
DE	Rinneadh an PFGE a ascnamh	N/B
DK	Rinneadh an PFGE a ascnamh	Samhradh 2027
EE	28 Meitheamh 2025	28 Meitheamh 2025
EL	Rinneadh an PFGE a ascnamh	R2 2026
ES	Mí Iúil 2024	N/B
FI	Rinneadh an PFGE a ascnamh	Samhradh 2025
FR	N/B	N/B
HR	26 Feabhra 2025	28 Meitheamh 2025
HU	R4 2024	N/B
IE	2024	R4 2024
IT	Mí na Bealtaine 2025	N/B
LT	Mí Dheireadh Fómhair 2026	Mí an Mhárta 2027
LU	N/B	N/B
LV	N/B	N/B
MT	Rinneadh an PFGE a ascnamh	Tá, maidir leis an bhfeidhmchlár
NO	N/B	N/B
NL	lár 2026-deireadh 2027	Tá, maidir leis an bhfeidhmchlár. RTT dúchasach ó lár 2026 ar aghaidh
PL	Mí Aibreáin 2025	Mí an Mheithimh 2025
PT	Mí na Bealtaine 2024	Mí Eanáir 2025
RO	R4 2025	R4 2027
SE	Rinneadh an PFGE a ascnamh	R3 2025
SI	R1 2025	Deireadh 2025
SK	R3 2024	N/B